

COMHAIRLE CHONTAE NA MÍ

BEARTAS MAIDIR LE hACHOMHAIRC PHÁIRCEÁLA

Réamheolas

Ghlac Comhairle Chontae na Mí beartas ar nós imeachta achomhairc do thiománaithe ar eisíodh fógra muirir sheasta orthu i gcion páirceála. Soláthraíonn glacadh an Bheartais seo soiléireacht do chinnteoirí agus d'achomharcóirí araon. Léiríonn glacadh an Bheartais seo trédharcacht na cinnteoireachta agus cúinsí áirithe gach achomhairc á meas.

Tugann an Beartas comhairle do thiománaithe ar fhorais achomhairc, an seoladh/ríomhphost/láithreán gréasáin a gcaithfear achomharc a chur chuige, an teorainn ama chun achomharc a chur isteach, agus an doiciméadacht atá le cur isteach le hachomharc.

Féadfar gach achomharc a chomhlánú ar líne, nó foirm a íoslódáil agus a sheoladh tríd an bpost nó ar r-phost.

Ar líne: <https://meath.urbancustomer.net>

Nascfaidh an cód QR ar d'Fhógra Fíneála Páirceála tú le mionsonraí d'fhíneála.
Seol chuig:

Achomhairc Pháirceála na Mí,
APCOA Parking Ireland
AONAD 18A,
12 Bealach Bheicéid,
Páirc Gnó na Páirce Thiar.
Baile Átha Cliath.12
D12A9K

Fiosrúcháin achomhairc **081 - 8462899**

Áirigh Uimhir do Thicéid i ngach comhfhreagras.

Tá foirmeacha achomhairc ar fáil le híoslódáil ó

www.meathcoco.ie Nó

Ar fáil i ngach Oifig de chuid Chomhairle Chontae na Mí.

NB Áirigh Uimhir an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil) agus cláruimhir na feithicle le gach achomharc.

Ní mór d'úinéir cláraithe na feithicle nó duine a ainmníonn úinéir cláraithe mar thiománaí achomhairc a chur isteach.

Caithfear achomhairc a fháil **laistigh de 21 lá** de dháta an chiona líomhnaithe.

Diúltófar d'achomhairc a gheofar tar éis 21 lá.

Ní choisceann achomharc a chur isteach méadú céimneach 50% na fínéala móide riarachán €10.00, ar an 28^ú lá tar éis an dáta a eisíodh an Fógra Muirir Sheasta. Má dhiúltaítear don achomharc beidh feidhm ag na muirir mhéadaithe.

Caithfidh Ainm, Seoladh agus Uimhir Theileafóin an achomharcóra a bheith san áireamh i ngach achomharc.

Caithfidh Uimhir an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil) a bheith san áireamh in achomharc.

Measfar achomharc a bheith neamhbhailí agus diúltófar dó má fhágtar faisnéis ar lár nó má tá sí neamhiomlán.

Féadfar achomharc a dhiúltú mura bhfuil forais an achomhairc de réir an Bheartais seo.

Eiseoidh aon chomhfhreagras a bhaineann le haon achomharc tríd an bpost chuig Úinéir Cláraithe na feithicle a fhaightear ó Chlár Úinéirí Feithicle na Roinne Iompair nó ó thiománaí ainmnithe.

Mura bhfaigheann achomharcóir cinneadh laistigh de 14 lá ón dáta a fhaightear achomharc tá sé de dhualgas ar an achomharcóir teagmháil a dhéanamh le Apcoa ar **081 - 8462899**

Tá gach cinneadh achomhairc a dhéanann Apcoa críochnaitheach agus níl an dara achomharc ann. Má aithníonn achomharcóir earráid nó easnamh, féadfaidh sé / sí athbhreithniú ar chinneadh a iarraidh trí scríobh chuig

An Rannán Páirceála,
Comhairle Chontae na Mí
Teach Buvinda
Bóthar Bhaile Átha Cliath
An Uaimh
Co. na Mí
C15 Y291

Seasann gach Fógra Muirir Sheasta (Fíneálacha) mura bhfaightear agus go dtí go bhfaighfear dearbhú i scríbhinn go bhfuil achomharc bronnta

Ní ghlacfaidh Apcoa ná Comhairle Chontae na Mí aon fhreagracht as neamh-sheachadadh post.

Ainmniúcháin

Mura raibh an tÚinéir Cláraithe ag tiomáint na feithicle nuair a rinneadh an cion líomhnaithe (lena mbaineann an Fógra Muirir Sheasta (Fíneáil)) ansin caithfidh an tÚinéir Cláraithe, laistigh de 28 lá ó dháta eisiúna an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil), an duine a bhí i gceannas ar an bhfeithicil ag an am sin a ainmniú do Chomhairle Chontae na Mí;

Ní mór ainmniúcháin a dhéanamh i scríbhinn nó trí r-phost;

Ní mór ainmniúcháin a sheoladh chuig:

An Rannán Páirceála,
Comhairle Chontae na Mí
Teach Buvinda
Bóthar Bhaile Átha Cliath,
An Uaimh
Co. na Mí
C15 Y291

Caithfidh Ainm, Seoladh agus Uimhir Theileafóin an duine a dhéanann an tAinmniúchán a bheith san áireamh i ngach Ainmniúchán (i gcás aonáin chorparáidigh/neamhchorpraithe ba cheart go mbeadh sé seo ina oifigeach údaráithe ag an aonán i.e. Ainm Gnó, Úinéir, Rúnaí Cuideachta nó Stiúrthóir Cuideachta.

Caithfidh ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an ainmní a bheith i ngach Ainmniúchán.

Má tá an t-ainm agus an seoladh mícheart, fillfidh an fhíneáil ar an úinéir cláraithe.

Caithfidh Uimhir an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil) a bheith san áireamh i ngach Ainmniúchán.

Caithfidh Cláruimhir na Feithicle a bheith san áireamh i ngach Ainmniúchán;

Ní mór gach Ainmniúchán a bheith sínithe ag an té atá ag déanamh an Ainmniúcháin;

Measfar ainmniúcháin a bheith neamhbhailí agus diúltófar iad má fhágtar aon chuid den fhaisnéis thuas ar lár.

Sonraí teagmhála le haghaidh Seirbhíse Custaiméara

- Le haghaidh Achomhairc: 081 8462899
- Le haghaidh Íocaíochtaí: 046 909 7000 agus iarraidh íocaíocht fíneála a dhéanamh

Cionta Íoc agus Taispeáin

Nuair a bhíonn tú ag páirceáil i limistéar íoc agus Taispeáin san Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas, Co. na Mí tabhair aird ar chomharthaí páirceála agus plátaí eolais páirceála le huaireanta oibríochta agus an t-am uasta le haghaidh páirceála. Cuirtear méadair ar fáil i ngach sráid agus carrchlós íoc agus

taispeáin chun ticéid páirceála a cheannach. Féadfaidh muirir a bheith éagsúil i ngach baile agus i ngach carrchlós. Tá faisnéis faoi mhuirir ar phláta eolais an mhéadair. Tá an t-am agus an dáta éaga clóite ar an ticéad. Má bhíonn méadar amháin as ord, úsáid méadar eile sa suíomh céanna

Caithfear ticéid páirceála a thaispeáint go soiléir i bhfuinneog tosaigh na feithicle páirceáilte chun ligean don mhaor páirceála sonraí an ticéid a léamh. Eisítear fineálacha as neamhthaispeáint ticéid páirceála bhailí. Ní fianaise inghlactha é ticéad bailí a thabhairt ar aird tráth agus dáta na fineála chun achomharc a dheonú. Eisíodh an fhíneáil mar gheall ar mhainneachtain ticéad páirceála bailí a thaispeáint san fheithicil. Tá tiománaithe freagrach as a chinntiú go bhfuil an ticéad páirceála ar taispeáint tar éis doirse an ghluaisteáin a dhúnadh.

Cionta Páirceála ar Bhánna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ní féidir achomhairc a mheas mura raibh Cead Páirceála bailí do Dhaoine faoi Mhíchumas ar taispeáint go soiléir ar an bhfeithicil. Tá an tiománaí freagrach as Cead Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas a thaispeáint ar an bhfeithicil. Má chailtear, má ligtear amú nó má sheoltar an cead lena athnuachan caithfidh an tiománaí íoc as páirceáil agus ní féidir leis páirceáil i mBá Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas gan Cead Páirceála bailí do Dhaoine faoi Mhíchumas a thaispeáint.

Cionta um Chead Páirceála Cónaithe/Fadtéarmach

Ní féidir achomhairc a mheas mura raibh Cead Páirceála bailí ar taispeáint go soiléir ar an bhfeithicil. Tá an tiománaí freagrach as Cead Páirceála a thaispeáint ar an bhfeithicil. Má chailtear, má ligtear amú nó má chuirtear an Cead lena athnuachan caithfidh an tiománaí íoc as páirceáil go dtí go n-eiseofar nó go ndéanfar athnuachan ar chead

Forais Achomhairc

Bhris an fheithicil síos agus níorbh fhéidir í a bhogadh nuair a eisíodh Fógra Muirir Sheasta (Fíneáil) le haghaidh páirceála go mídhleathach.

Ní bhreithneofar achomhairc ach amháin nuair a chuirtear litir nó admháil ó gharáiste agus nó ó chuideachta tarraingthe ag deimhniú na dátaí ar tarraingíodh agus nó a deisíodh an fheithicil isteach leis an achomharc.

.

Neamhthaispeáint Cionta Mótair-Chánach Reatha

(a) Ceannaíodh an fheithicil lena mbaineann an Cion líomhnaithe le déanaí agus bhíothas ag fanacht le Diosca Mótarchánach nuair a eisíodh Fógra Muirir Sheasta (Fíneáil) as neamhthaispeáint diosca mótarchánach reatha

1. Ní bhreithneofar achomhairc ach amháin nuair a chuirtear cóip den Leabhar Cláraithe Feithicle ag léiriú gur ceannaíodh an fheithicil laistigh den mhí roimhe sin isteach leis an Achomharc.

Agus

2. Cóip den Diosca Mótarchánach reatha agus admháil ón Oifig Mhótarchánach ag tabhairt le fios gur íocadh gach riaráiste ó dháta an cheannaigh go dtí seo, lena n-áirítear a thréimhse bailíochta ó dháta eisiúna an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil) isteach leis an Achomharc

(b) **Roimh** am an Chionta líomhnaithe go ndearnadh iarratas ar Mhótarcháin a thaisceadh leis an Oifig Mhótarchánach nó a íoc ar líne ag Motortax.ie agus go rabhthas ag fanacht le Diosca Mótarchánach nuair a eisíodh Fógra Muirir Sheasta (Fíneáil) as neamhthaispeáint Mhótarcháin ach

1. Ní bhreithneofar achomhairc ach amháin sa chás go gcuirtear cóip den Fhoirm Athnuachana Mhótarchánach ón Oifig Mhótarchánach ina léirítear an dáta a fuair an Oifig Mhótarchánach an t-iarratas agus nach mór a bheith ann **roimh** dháta na Cion líomhnaithe isteach leis an Achomharc.??? Léirítear san admháil a sheoltar le ríomhphost ó Motortax.ie ar líne dáta an idirbhirt roimh an dáta ar eisíodh an fhíneáil.

Agus

2. Cóip den Diosca Mótarchánach reatha agus Admháil ón Oifig Mhótarchánach ag tabhairt le fios gur íocadh gach riaráiste go dtí seo, lena n-áirítear a thréimhse bailíochta ó dháta eisiúna an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil) isteach leis an Achomharc

(c) Gur íocadh cáin ar an bhfeithicil ar líne **roimh** an gCion líomhnaithe agus go rabhthas ag fanacht le Diosca Mótarchánach nuair a eisíodh Fógra Muirir Sheasta (Fíneáil) as neamhthaispeáint Mhótarcháin b;

1. Ní bhreithneofar achomhairc ach amháin nuair a bheidh cóip d'Asphrionta Deimhnithe Íocaíochta ó Mhótarcháin Ar Líne ag deimhniú an dáta agus an t-am ar íocadh cáin ar an bhfeithicil agus a chaithfidh a bheith **roimh** am na Cion líomhnaithe a chur isteach leis an Achomharc.???
Nó cuirtear litir ó Mhótarcháin ag deimhniú an dáta agus an t-am ar íocadh cáin ar an bhfeithicil agus a chaithfidh a bheith **roimh** am an Chionta líomhnaithe.???

Agus

2. Cuirtear Cóip den Diosca Mótarchánach reatha, a gcaithfidh an tréimhse bailíochta lena n-áirítear dáta eisiúna an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil) a bheith leis an Achomharc.

(d) Gur gearradh cáin ar an bhfeithicil ach nár taispeánadh Diosca Mótarchánach de thaisme nuair a eisíodh Fógra Muirear Seasta (Fíneáil) as neamhthaispeáint Mótarchánach.

Ní bhreithneofar achomhairc ach má chuirtear cóip de Dhiosca Mótarchánach a léiríonn gur gearradh cáin ar an bhfeithicil ar dháta eisiúna an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil) agus míniú i scríbhinn ar an gcúis/na cúiseanna le neamhthaispeáint Mótarchánach isteach leis an Achomharc.

(e) Go raibh an t-Úinéir Cláraithe lasmuigh den tír nuair a eisíodh Fógra Muirear Seasta (Fíneáil).

1. Ní bhreithneofar achomhairc ach sa chás go gcaithfidh cóip den Diosca Cánach Mótair reatha agus Admháil ón Oifig Mhótarchánach a thugann le fios gur íocadh gach riaráiste go dtí seo (más infheidhme) agus ní mór dáta eisiúna an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil) a chur isteach leis an Achomharc.

Agus

2. cuirtear pas stampáilte nó pas bordála le ticéid eitilte/ticéid farantóireachta ag léiriú an dáta agus an t-am fágála as Éirinn agus an dáta agus an t-am fillte go hÉirinn agus ag deimhniú nach raibh sé in Éirinn tráth an Chionta líomhnaithe isteach leis an Achomharc.

(f) Gur fheithicil tráchtála í an fheithicil agus nach bhféadfaí cáin a ghearradh uirthi toisc go rabhtas ag fanacht le Tástáil na Roinne Comhshaoil nuair a eisíodh Fógra Muirear Seasta (Fíneáil) as neamhthaispeáint Mhótarchánach

1. Ní bhreithneofar achomhairc ach sa chás go gcuirtear an litir cheapacháin??? bhunaidh, ríomhphost nó teachtaireachtaí téacs ó Ionad Tástála na Roinne Comhshaoil a bheith **roimh** dháta an Chiona líomhnaithe, isteach leis an Achomharc
Nó
Litir, r-phost nó teachtaireachtaí téacs ó Ionad Tástála na Roinne Comhshaoil leis an dáta agus an t-am (más infheidhme) a rinneadh an coinne, a chaithfidh a bheith **roimh** dháta agus am an Chiona líomhnaithe, isteach leis an Achomharc
Agus
2. Cuirtear cóip den Teastas Pas arna eisiúint ag Ionad Tástála na Roinne Comhshaoil mar thoradh ar Thástáil na Roinne Comhshaoil isteach leis an Achomharc
Agus
3. Cóip den Diosca Mótarchánach reatha agus Admháil ag tabhairt le fios gur íocadh gach riaráiste go dtí seo (más infheidhme) nach mór a thréimhse bailíochta ó dháta eisiúna an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil) a bheith isteach leis an Achomharc.

Éigeandálaí.

Féadfar achomharc a mheas má tá tiománaí ag fulaingt nó ag freastal ar éigeandáil leighis, dóiteán nó timpiste. Caithfear cáipéisíocht a thacaíonn leis an eachtra a chur isteach. I measc na samplaí tá teastas leighis, otharchairr nó tinreamh seirbhíse dóiteáin. Ní éigeandáil é freastal nó moill ar choinne leighis agus ní bheidh sé ina fhorais achomhairc.

Forais Thruacha.

Ní bhreithneofar achomhairc ach in imthosca eisceachtúla nuair nach raibh an cion páirceála dosheachanta.

Nótaí

Nóta 1: is cion é d'Úinéir Cláraithe feithicle gan an fhaisnéis uile a sholáthar, laistigh de 28 lá ó dháta eisiúna an Fhógra Muirir Sheasta (Fíneáil), chun duine (seachas an t-Úinéir Cláraithe) a bhí i gceannas ar an feithicil nuair a eisíodh an Fógra Muirir Sheasta (Fíneáil) a aimniú nó faisnéis a sholáthar atá bréagach nó míthreorach, a bhfuil ceachtar acu, ar iad a chiontú, inphionóis le Fíneáil nach mó ná €1,000;

Nóta 2: Má chiontaítear ciontóir in éisteacht chúirte as cion páirceála a dhéanamh d'fhéadfadh an ciontóir a bheith faoi dhliteanas fíneála nach mó ná €1,000 móide costais agus dícháiliú cheadúnas tiomána an chiontóra.

Nóta 3: Féadfar Fógraí Muirir Sheasta (Fíneálacha) a eisiúint le haghaidh roinnt cionta páirceála lena n-áirítear agus gan a bheith teoranta do;

01. Feithicil seirbhíse sráide a shuíomh lena fruiliú in áit nach áit seasaimh cheaptha í
02. Mainneachtain omnibus a thabhairt go hiomlán laistigh de na marcanna bóthair ag ionad stad/láthair feithimh
03. Feithicil a pháirceáil go hiomlán nó go páirteach laistigh de mharcanna bóthair ag ionad stad/láthair feithimh omnibus
04. Feithicil a pháirceáil in áit toirmisce
05. Feithicil a pháirceáil ag am toirmisce
06. Feithicil a pháirceáil ar feadh tréimhse ama toirmisce
07. Páirceáil ar bhealach toirmisce
08. Feithicil a pháirceáil in áit pháirceála ina bhfuil páirceáil faoi réir táillí a íoc gan an táille shonraithe a íoc
09. Feithicil seachas feithicil d'aicme shonraithe a pháirceáil
10. Feithicil a pháirceáil in áit pháirceála diosca gan diosca páirceála bailí a thaispeáint
11. Mainneachtain diosca cánach reatha a thaispeáint
12. Feithicil a pháirceáil in áit toirmisce (Bá Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas)
13. Feithicil a pháirceáil in áit toirmisce (Bá Páirceála)
14. Feithicil a pháirceáil in áit toirmisce (Stad Tacsaithe)
15. Feithicil a pháirceáil ar chosán, ar imeall féir nó ar lárstráice
16. Feithicil a pháirceáil ar raon rothar áit a bhfuil sín tráchta uimhir RUS 009, RUS 058 nó RUS 059
17. Feithicil a pháirceáil i lána bus nó ar shráid do busanna amháin.